10 Nithe ar Cheart a bheith ar Eolas

Agat Maidir le Scoláirí Aeracha, Leispiacha agus Déghnéasacha

1. Is é 12 bliain d'aois an aois is coitianta a thagann daoine óga ar an eolas maidir lena gclaonadh aerach, leispiach, déghnéasach nó trasinscneach.
2. Is é 17 bliain d'aois an aois is coitianta a chuirfidh duine ógin iúl go bhfuil sé nó sí aerach, leispiach, déghnéasach nó trasinscneach – 5 bliain ar an meán tar éis dóibh féin teacht ar an eolas seo.
3. Ar an meán tá duine amháin nó beirt aerach, leispiach, nó déghnéasach ar a laghad i ngach rang.
4. Tá baisteachán maslach tugtha ag comhscoláirí do níos mó na 50% de scoláirí aeracha, leispiacha, déghnéasacha nó trasinscneach – tugadh bagairtí ó bhéal do 40% díobh.
5. Tugadh bagairt fhisiciúil don cheathrú cuid de scoláirí aeracha, leispiacha, déghnéasacha nó trasinscneach.
6. D'fhan 1 as gach 5 scoláirí aeracha, leispiacha, déghnéasacha nó trasinscneach abhaile ón scoil mar go raibh faitíos orthu go ndéanfaí bagairt orthu nó go ngortófaí iad de bharr a bheith aitheanta mar dhuine aerach, leispiach, déghnéasach nó trasinscneach.
7. Fágann 5% de scoláirí aeracha, leispiacha, déghnéasacha nó trasinscneach an scoil go luath de thoradh na drochíde a thugtar dóibh toisc iad a bheith aitheanta mar dhaoine aeracha, leispiacha, déghnéasacha nó trasinscneach.
8. As sampla de 1,100 duine aerach, leispiach, déghnéasach nó trasinscneach bhí iarracht ar fhéinmharú déanta ag 18% acu. Is ag17.5 bliain d'aois ar an meán a dhéantar an chéad iarracht ar féinmharú. Is ag 16 bliana d'aois ar an meán a dhéantar an chéad iarracht ar fhéindíobháil.
9. Tá a fhios ag ceathrar as chuile cúigear múinteoirí go bhfuil baisteachán maslach hómafóbach ar siúl. Deir naonúir as gach deichniúir gur bac orthu é an easpa polasaithe agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis an bhfadhb.
10. Sna scoileanna ina bhfuil sé ráite go soiléir go bhfuil bulaíocht hómófobach mícheart tá sé 60% níos dóchúla nach ndéanfar buloaíocht ar dhaoine óga aeracha, leispiacha nó déghnéasacha.

AMLÍNE ÓCÁIDÍ DO DHAOINE ÓGA LEISPIACHA, AERACHA,DÉGHNÉASACHA AGUS TRASGHNÉASACHA

Tosnú MS

12 | 13 | 14 | 15 | **Teastas Sóisearach** | 16 | 17 | **Ardteistiméireacht** | 18

Is é **12** bhliain d'aois an aois is coitianta a thagann daoine óga ar an eolas maidir lena gclaonadh aerach, leispiach, déghnéasach nó trasinscneach

Is é **16** bhliain d'aois an aois ag a bhfuil an baol is mó go ndéanfaí féindíobháil

Is é **17** bhliain d'aois an aois is coitianta a thagann daoine 'amach'

Is é **17.5** bhliain d'aois an aois is coitianta a ndéanann daoine i mbaol iarracht ar fhéinmharú don chéad uair

Cúig Beart gur Féidir le Cinnirí Scoile a Dhéanamh chun Tacaíocht a thabhairt do Scoláirí Aeracha, Leispiacha agus Déghnéasacha trí

1 BEARTAS A FHORBAIRT

Déan tagairt faoi leith do chlaonadh gnéasach (mar aon leis na forais ar fad sa reachtaíocht chomhionannas) sna doiciméid bheartais scoile agus na ráitis misin atá ann cheana féin. I measc na doiciméid a bhfuil ábharthacht faoi leith ag baint leo tá: Frithbhulaíocht; Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta; Plean Treorach; Forbairt Foirne; Scoil-Baile-Pobal, agus Cód Iompair.

2 PLEANÁIL AR AGHAIDH

Cuirfidh scoláirí áirithe a gclaonadh gnéasach in iúl do dhaoine eile('tiocfaidh siad amach') agus iad ar scoil. Is féidir le cinnirí scoile a bheith réidh d'ócáidí den chineál sin agus aon iarmhairtí a ghabhann le nochtú den chineál sin trí réamhphleanáil a dhéanamh maidir le cén chaoi a bpléifidh an scoil leis sin. Tugann Plean Treorach deis don scoil an polasaí atá ag an scoil a léiriú go soiléir. I measc na réimsí faoi leith laistigh den bplean ar chóir aghaidh a thabhairt orthu tá: an leibhéal agus an cineál tacaíochta atá á thairiscint do scoláirí; feidhmiú an Chóid Iompair agus an Polasaí Frithbhulaíochta; meicneachais tuairisce do scoláirí i gcásanna bulaíochta nó ciapadh; faisnéis ábhartha a bheith ar fáil do scoláirí

3 FEABHSÚ AR SHEOMRAÍ RANGA

Tá tacaíocht de dhíth ar mhúinteoirí agus ar bhaill foirne eile agus iad ag plé le riachtanais scoláirí aeracha, leispiacha agus déghnéasacha. Chuirfeadh go leor acu fáilte roimh thionscnamh sa scoil mar iomlán chun cur chuige neamhfhulaingthe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le téarmaíocht a bhaineann le bheith aerach a bheith in úsáid mar théarmaíocht mhaslach i ngach réimse de shaol na scoile.

Sa chaoi céanna, tá gá le tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh lucht pleanála ábhair le cláir a phleanáil a spreagfaidh meas ar dhínit agus ar ilghnéitheacht an uile dhuine. Soláthraíonn ábhair ar nós Oideachas Saoránach Sóisialta agus Sláinte, Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte, Oideachas Reiligiúnach, agus Staidéar Sóisialta creatlach idéalach chun é sin a dhéanamh.

Chláir rang-bhunaithe a spreagadh le aird a fhorbairt ar thionchar focail/teanga agus steiréitíopáil ar an duine féin agus ar dhaoine eile. Ba cheart tagairt ar leith a dhéanamh do bhaisteacháin frith aerach agus steiréitíopáil.

4 CUR LE CUMAS NA FOIRNE

Is fóram luachmhar iad cruinnithe foirne le plé a dhéanamh ar ar an gcaoi ina bhfuil an scoil ag freagairt do riachtanais scoláirí aeracha, leispiacha agus déghnéasacha agus ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna ar nós baisteachán hómafóbach agus bulaíocht.

D'fháilteodh formhór baill foirne roimh forbairt phroifisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar bhulaíocht hómafóbach agus ar thacaíocht a thabhairt do scoláirí aeracha, leispiacha agus déghnéasacha.

5 BEARTAS A CHUR I BHFEIDHM

Tabhair idir acmhainní agus spreagadh d'fhoireann bheag a bhfuil spéis acu san ábhar chun forbairt a dhéanamh ar chumas na scoile plé leis na ceisteanna seo. D'fheadfadh an fhoireann seo plean gníomhaíochta a cheapadh a chinnteodh rannpháirtíocht scoláirí aeracha, leispiacha agus déghnéasacha i bpolasaithe agus i gcleachtais

Cuir faisnéis ar thaispeáint lena n-áirítear póstaeir agus bileoga mar gheall ar sheirbhísí cuí do scoláirí aeracha, leispiacha agus déghnéasacha.

Déan meicníochtaí a fhorbairt ionas go mbeidh sé níos fusa do scoláirí tuairisciú a dhéanamh ar bhulaíocht, baisteachán frith-aerach, bulaíocht frith aerach nó ciapadh san áireamh

Déan teagmháil le Cumainn Tuismitheoirí agus Comhairlí Mac Léinn chun ceisteanna a bhaineann le daoine aeracha, leispiacha agus déghnéasacha a phlé.

Tá níos mó treoracha ar fáil do chinnirí scoile faoi chonas tacaíocht a thabairt do scoláirí leispeacha, aeracha agus déghnéasacha san acmhainn ***Scoláirí Leispeacha, Aeracha agus Déghnéasacha in Iar-Bhunscoileanna: Treoracha do Phríomh Oidí agus Cinnirí Scoile.***

glen gay + lesbian equality network

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE